**2009. M88**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR ☞** [ ]

**Iomlán na Marcanna** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

**STAMPA AN IONAID**

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán ón ngreille thall (1-6). | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **CEIST** | **MARC** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-6) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** **Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)**

1. **Raon Rothar**
   **Cosc ar Ghluaisrothair**

2. **Trá Ghlan ... Trá Shlán**
   **Ná fág Bruscar ar an Trá**

3. **Ionad Oidhreachta na nOileán**
   Ar Oscailt 10.00 - 17.30

4. **Córas Aontreo Romhat**
   **Gabh ar clé**

5. **Saotharlann Bhitheolaíochta**
   Caith Cóta Bán agus Lámhainní

6. **Seomraí Gléasta**
   Imreoirí agus Maoir Foirne amháin


7. **Ionad Sláinte**
   **Luan-Aoine 9.00 - 15.30**
   Ar uair na práinne: 4284675


8. **Carrchlós na Cille**
   **Saor in aisce do chuairteoirí amháin**

9. **Ionad Garraíodóireachta**
   Plandaí agus trealamh de gach saghas don ghairdín

10. **Halla Snúcair**
    Ar oscailt:
    Ó mheán lae go meán oíche

| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |





























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá fúithi. (25 mharc)

---

## Comhairle Contae Mhaigh Eo
### An tSeirbhís Dóiteáin

Róisín Nic Mhathúna,
33 Bóthar na Coille
Sligeach

Caisleán an Bharraigh
Co. Mhaigh Eo

29 Bealtaine 2009

A Róisín, a chara,

Go raibh maith agat as do litir agus as an C.V. a chuir tú chugam ar an 27ú Bealtaine. Is léir go bhfuil spéis mhór agat sa tseirbhís dóiteáin. Deir tú go raibh d'uncail sa tseirbhís agus gur mhaith leat féin a bheith i do chomhraiceoir dóiteáin.
Feicim ón C.V. gur duine spórtúil tú. D'imir tú haca sa scoil chónaithe i nGaillimh agus imríonn tú leadóg sa chlub leadóige i Sligeach. Téann tú go dtí an club gleacaíochta go rialta agus ba é an corpoideachas an t-ábhar ab fhearr leat ar scoil. San Ardteistiméireacht, bhain tú grád A amach sa Bhéarla agus grád B sa Stair agus sa Ghaeilge. Tá tú ag obair i gclub spóirt ó d'fhág tú an scoil an samhradh seo caite.
Iarrtar ort an fhoirm iarratais a líonadh agus a sheoladh ar ais roimh an 17ú Meitheamh. Ina dhiaidh sin beidh ort freastal ar agallamh agus má ghlactar leat tosóidh an cúrsa traenála ag tús mhí Lúnasa.

Is mise,
Seán Ó Laoire,
Oifigeach Traenála.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén dáta ar scríobh Róisín a litir?

| | |
|---|---|
| 27 Bealtaine | |
| 29 Bealtaine | |
| 17 Meitheamh | |

**2.** Cén post ba mhaith le Róisín?

| | |
|---|---|
| Traenálaí haca | |
| Comhraiceoir Dóiteáin | |
| Oifigeach traenála | |

**3.** Cén t-ábhar ab fhearr le Róisín ar scoil?

| | |
|---|---|
| Béarla | |
| Stair | |
| Corpoideachas | |

**4.** Cá bhfuil Róisín ag obair ó d'fhág sí an scoil?

| | |
|---|---|
| Club gleacaíochta | |
| Club leadóige | |
| Club spóirt | |

**5.** Cad a bheidh ar siúl ag tús mhí Lúnasa?

| | |
|---|---|
| Agallamh | |
| Cúrsa traenála | |
| Cúrsa spóirt | |

**(b)** Léigh **an Bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 mharc)

# Oileán an Aoibhnis



Tar amach go hInis Oírr ar fharraige ghorm an Atlantaigh agus cuirfimid gliondar ar do chroí.

Lasmuigh de chuan na Gaillimhe is é Inis Oírr seoid Oileáin Árann agus an t-oileán is cóngaraí do chontae an Chláir ar an mórthír. Tá daonra dhá chéad go leith ar Inis Oírr agus saol traidisiúnta á chaitheamh acu. Cloisfidh tú an Ghaeilge á labhairt go nádúrtha anseo agus blaisfidh tú an cultúr Ceilteach ann. Feicfidh tú go leor radharc spéisiúil. Tá trá álainn ann atá oiriúnach don teaghlach ar fad.

Bíonn imeachtaí teanga ar an oileán do gach aoisghrúpa. Bíonn Coláiste Gaeilge ann do na déagóirí i rith an tsamhraidh. Bíonn ciorcal comhrá ar siúl gach maidin do na daoine fásta agus bíonn naíonra gleoite ann do na páistí beaga ar maidin freisin. Tá radhairc bhreátha ar fud an oileáin. Is féidir turas an oileáin a dhéanamh ar chapall agus cairt nó ar rothar nó de shiúl na gcos. Níl gluaisteán oiriúnach ar chor ar bith. Caith do chuid ama go ciúin ag iascaireacht slaite ón gcé nó ó na carraigeacha.

Tóg an bád amach ó Dhúlainn i gCo. an Chláir, nó ó Ros a' Mhíl i gCo. na Gaillimhe nó eitil amach le hAer Árann ón aerfort in Indreabhán. Is cuma cén bealach a thagann tú, beidh fáilte romhat agus beidh leisce ort filleadh abhaile.



Buail isteach chugainn roimh ré ar ár suíomh gréasáin *www.inisoirr.ie*

**Ceisteanna:**

**1.** Cén contae is cóngaraí d'Inis Oírr?

| | |
|---|---|
| Co. na Gaillimhe | |
| Co. an Chláir | |
| Co. Mhaigh Eo | |

**2.** Cén daonra atá ar Inis Oírr?

| | |
|---|---|
| 200 | |
| 250 | |
| 300 | |

**3.** Cad atá oiriúnach don teaghlach ar fad ar an oileán?

| | |
|---|---|
| Iascaireacht slaite | |
| An gluaisteán | |
| An trá álainn | |

**4.** Cad a bhíonn ar siúl do na daoine fásta gach maidin?


| | |
|---|---|
| Coláiste samhraidh | |
| Ciorcal comhrá | |
| Naíonra | |

**5.** Is féidir eitilt go hInis Oírr ó…..?

| | |
|---|---|
| Dúlainn | |
| Ros a' Mhíl | |
| Indreabhán | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

# Beirt i mBaol



Shábháil bád tarrthála de chuid an RNLI as Binn Éadair, beirt bhuachaillí a bhí i mbaol a mbáite ocht míle amach ón gcósta, thart ar mheán lae inniu.

De réir dealraimh thóg an bheirt bád iomraimh ón gcé, gan chead, go déanach oíche aréir. Dhá bhliain déag d'aois atá an bheirt acu. Bhí sé ar intinn acu an oíche a chaitheamh ar Inis Mac Neasáin, oileán beag atá míle amach ón gcuan. Agus iad ag iomramh amach ó thuaidh, neartaigh an ghaoth agus scuabadh soir iad. Ní raibh siad ábalta teacht i dtír ar an oileán mar chaill siad na maidí rámha.

Go luath ar maidin thug úinéir an bháid faoi deara go raibh an bád imithe. Ag an am céanna, chuir tuismitheoirí na mbuachaillí fios ar na Gardaí. Seoladh an bád tarrthála gan mhoill. Fuarthas na buachaillí tamall ina dhiaidh sin. Cé go raibh siad an-fhuar ní raibh eagla orthu. Cheap siad go sroichfeadh an bád beag Oileán Mhanainn. Deir urlabhraí thar cheann na seirbhíse tarrthála go raibh an t-ádh ar an mbeirt nach raibh an aimsir stoirmeach.

**Ceisteanna:**

**1.** Cé mhéad buachaill a bhí sa bhád a tógadh gan chead?

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 8 | |

**2.** Cá raibh sé ar intinn acu an oíche a chaitheamh?

| | |
|---|---|
| Sa bhád | |
| Oileán Mhanainn | |
| Inis Mac Neasáin | |

**3.** Cén treo a scuab an ghaoth an bád?

| | |
|---|---|
| Soir | |
| Ó dheas | |
| Ó thuaidh | |

**4.** Cé a chuir fios ar na Gardaí?

| | |
|---|---|
| Na tuismitheoirí | |
| Úinéir an bháid | |
| An bád tarrthála | |

**5.** Cén chaoi a raibh na buachaillí nuair a fuarthas iad?


| | |
|---|---|
| Brónach | |
| Eaglach | |
| Fuar | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 3** | Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. | **(60 marc)** |
| **(a)** | Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. | (30 marc) |

# Siúlach Scéalach



Gan dabht ar bith is siúlach an duine é Dermot Somers. Ach cé hé an duine seo a bhíonn le feiceáil ar an scáileán teilifíse gléasta don aimsir i seaicéad dearg agus hata leathan ar a cheann?



Rugadh Dermot Somers i 1947 i Ros Comáin. D'fhreastail sé ar Choláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath agus tá cónaí air anois i nDroichead Átha, Co. Lú. Chuir sé suim san ailleadóireacht nuair a bhí sé sa choláiste. Ina dhiaidh sin thosaigh sé ag dreapadóireacht sna sléibhte agus ag taisteal ar fud na cruinne. Le daichead bliain anuas chonaic Dermot an domhan ar fad ó bhun go barr. Bíonn siúlach scéalach agus bronnadh duaiseanna ar Dermot de bharr na leabhar breá a scríobh sé.

Ach ní gnáth-thaistealaí é a théann go dtí na cathracha móra ná na hionaid turasóireachta. Téann sé go dtí áiteanna iargúlta ar fud na cruinne. Ar mhaith leat taisteal le Dermot? Is féidir an domhan ar fad a thaisteal in éineacht le Dermot ar RTÉ nó ar TG4 gan bogadh ó do chathaoir chompordach sa bhaile!

**Ceisteanna:**

**1.** Cén saghas duine é Dermot?

| | |
|---|---|
| Leisciúil | |
| Teicniúil | |
| Siúlach | |

**2.** Conas a bhíonn Dermot gléasta?

______________________________________________

**3.** Cá bhfuil Dermot ina chónaí anois?

| | |
|---|---|
| Co. Ros Comáin | |
| Co. Lú | |
| Co. Bhaile Átha Cliath | |

**4.** Cad chuige a bhfuair Dermot duaiseanna?

| | |
|---|---|
| Don ailleadóireacht | |
| De bharr clár teilifíse | |
| De bharr a chuid leabhar | |

**5.** Cén áit is mó a dtéann Dermot?

| | |
|---|---|
| Áiteanna iargúlta | |
| Na hionaid turasóireachta | |
| Na cathracha móra | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)

# Ceannródaí Domhanda



Rugadh Henri Dunant san Eilvéis in 1828. Thaistil sé go dtí an Fhrainc agus an Ailgéir i mbun a ghnó mar bhaincéir agus mar thrádálaí.

I mí an Mheithimh, 1859 bhí sé in Salerno san Iodáil. Chonaic sé troid fhíochmhar idir saighdiúirí Napoléon agus saighdiúirí na hOstaire. Chuir cás na mílte saighdiúir gortaithe uafás air. Bhailigh sé mná as na bailte mórthimpeall chun cóir leighis a chur ar na saighdiúirí gortaithe.



Scríobh sé leabhar faoin gcath uafásach sin agus ghlaoigh sé ar thíortha an domhain teacht le chéile chun cabhrú le daoine gortaithe ar pháirc an chatha. Bhunaigh sé grúpa pleanála. Sa bhliain 1864 shínigh dhá stát déag Conradh na Ginéive agus cuireadh tús le cumann idirnáisiúnta. Bhí cros dhearg ar chúlra bán mar bhratach acu. Leathnaigh an Chros Dhearg ar fud an domhain. Glaotar “An Corrán Dearg” air i dtíortha an oirthir.

D’imigh Henri Dunant as radharc an phobail in 1875 mar theip ar a ghnó. Ach bronnadh an chéad Duais Nobel air sa bhliain 1901. Fuair sé bás sa bhliain 1910 agus cuireadh in Zurich é. Bíonn lá mór ceiliúrtha ag Cumann na Croise Deirge timpeall an domhain ar an 8ú lá de Mheitheamh gach bliain, lá breithe Henri Dunant.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit ar rugadh Henri Dunant?

| | |
|---|---|
| An Ailgéir | |
| An Eilvéis | |
| An Fhrainc | |

**2.** Cén gnó a bhí ag Henri Dunant?

| | |
|---|---|
| Dochtúir | |
| Saighdiúir | |
| Trádálaí | |

**3.** Cé a chuir cóir leighis ar na saighdiúirí in Salerno?

| | |
|---|---|
| Napoléon | |
| Mná as na bailte mórthimpeall | |
| An Cros Dhearg | |

**4.** Cén t-ainm atá ar “An Chros Dhearg” i dtíortha an oirthir?


________________________________________

**5.** Cén bhliain a bronnadh an chéad Duais Nobel?

| | |
|---|---|
| 1875 | |
| 1901 | |
| 1910 | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

## Bó na Leisce



Tá bó agam sa bhaile
Tá sí donn mar chnó
Is breá léi min agus sadhlas
A ithe istigh sa chró.



Tugann sí an geimhreadh fé dhíon
I scioból te teolaí
Is breá léi dul ag sciáil
Ar shléibhte sneachta Mhuscraí.

Ansin nuair a thagann an samhradh
Téann sí amach sa pháirc,
Is síneann sí siar fén ngrian
Le spéaclaí dubha agus *suntan oil*.



Tá bó agam sa bhaile
Tá sí *tan*áilte ó bhun go baitheas
Is í an bhó is leisciúla ar domhan í
A mhaireann i ríocht na bhflaitheas.

(As *Dánta Déanta* le Liam Ó Muirthile)

**Ceisteanna:**

**1.** Cén dath atá ar bhó na leisce?

| | |
|---|---|
| Dubh | |
| Donn | |
| Dubh agus bán | |

**2.** Cá háit a mbíonn bó na leisce sa gheimhreadh?

| | |
|---|---|
| Sa chró | |
| Sa pháirc | |
| Sa scioból | |

**3.** Cad a itheann bó na leisce?

| | |
|---|---|
| Féar | |
| Cnónna | |
| Min agus Sadhlas | |

**4.** Cá dtéann bó na leisce sa samhradh?

| | |
|---|---|
| Abhaile | |
| Amach sa pháirc | |
| Go Sléibhte Mhuscraí | |

**5.** Cén ríocht ina mhaireann bó na leisce ?

___

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA (120 marc)

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.

## ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA **(120 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé a bheidh mar
Fhear an Tí?




Cad a tharlóidh don
airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis na pictiúir thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.




Is tusa an duine sna pictiúir seo. Scríobh **CUIREADH** chuig Sinéad ag insint di:

| | | | |
|---|---|---|---|
| - | Cad a bheidh ar siúl. Cén áit. Cén lá. Cén dáta. | } | |
| - | Cén t-am. Cé mhéad ar thicéad. | } | Pictiúr 1 |
| - | Go gceapann tú go mbainfidh Sinéad taitneamh as. | } | Pictiúr 2 |
| - | Gur mhaith leat go rachadh Sinéad ann leat. | } | Pictiúr 3 |
| - | Cad a dhéanfaidh sibh ar an mbealach abhaile. | } | Pictiúr 4 |

**CUIREADH**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tusa ag obair san Óstán seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara. Inis dó/di:

- Faoin **Óstán** agus faoin **áit** a bhfuil an tÓstán } Pictiúr 1
- Faoin **obair** a dhéanann tú san óstán. (**Trí phointe ag teastáil**) } Pictiúr 2
- Faoi **na haíonna** a thagann go dtí an tÓstán } Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **am saor** agat } Pictiúr 4

**[N.B. Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair in Ionad Spóirt. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais anseo thíos.**
**[ Nóta:** Is tusa *Cáit Ní Néill* ]

## Ionad Spóirt Bhaile na hAbhann
## Foirm Iarratais

Ainm: *Cáit Ní Néill*

Seoladh: ……..……………………………………..……………………………………………..

……………………………………………………………Uimhir Theileafóin ……………………………

Dáta Breithe: ………………………………………… ….   Aois: ….…………………………………

Cén Contae inar rugadh thú? ……..…………………………………………………..…………………

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ……………….……………………………….……………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin: ..…………………..…………………………..…………

……………………………………………..……………………..…………………….…………….…..

An bhfuil snámh agat ? ………………………………………..……………………………………

An mbeidh tú ábalta snámh a mhúineadh? ……………………………………………………………..

Ar imir tú spórt le club ar bith roimhe seo? ………...…………………………………………………….

An féidir leat a bheith ag obair ag an deireadh seachtaine? …………………………...……………..………..

An gcaitheann tú tobac? ……………………………………………………………………………..…

Luaigh **trí** spórt a imríonn tú go rialta: …………….……………………………………………....

………………………………………………………………..…………………………………………

Cuir **ciorcal** timpeall ar an dáta i mí Iúil is fearr leat le haghaidh agallaimh: 15ú 17ú 19ú

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair in Ionad Spóirt.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Síniú *Cáit Ní Néill*   Dáta ……………..….….…….

**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b) **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú i láthair ag an Oíche Cheoil sa Chlub Óige.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin Oíche Cheoil.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## OÍCHE CHEOIL SA CHLUB ÓIGE



**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag siúl le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.



| | | | |
|---|---|---|---|
| ag siúl | dréimire | greim | airgead |
| ag tafann | ar chúl an tí | anuas | gliondar |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán

2009. M88A
DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (180 marc)

**DÉ LUAIN, 8 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 4.30 go dtí 5.10**


| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |

STAMPA AN IONAID

## CLUASTUISCINT – (180 marc)


Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don Roinn seo ar an dlúthdhiosca. Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

**Ceist 1 (a)** Cá mbíonn Emer ó Luan go Satharn?









**Ceist 1 (b)** Cá mbailíonn an teaghlach go léir le chéile oíche Shathairn?


| | |
|---|---|
| Cathair Chorcaí | |
| Cill Airne | |
| Maigh Chromtha | |

**Ceist 2 (a)** Cén post atá ag Rónán?










**Ceist 2 (b)** Cén contae ina bhfuil Baile Dhónaill?


| | |
|---|---|
| Co. Chill Dara | |
| Co. Bhaile Átha Cliath | |
| Co. Mhaigh Eo | |

**Ceist 3 (a)** Cén saghas oibre atá i gceist anseo?










**Ceist 3 (b)** Cé mhéad post atá le líonadh?

| | |
|---|---|
| 5 | |
| 6 | |
| 12 | |


**Ceist 4** Cá bhfuil an fear ag dul?











**Ceist 5** Cá bhfuil siopa troscáin de Búrca? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)



**Ceist 6 (a)** Cén sort aimsire a bheidh i nGaillimh Dé Sathairn?







**Ceist 6 (b)** Conas mar a bheidh an aimsir i nGaillimh Dé Domhnaigh?

| | |
|---|---|
| Tirim | |
| Gaofar | |
| Te | |

**Ceist 7 (a)** Cad atá á eagrú ag na daltaí san idirbhliain?









**Ceist 7 (b)** Cé a bheidh in éineacht leis na daltaí?

| | |
|---|---|
| An príomhoide | |
| Ionadaí ó choiste na dtuismitheoirí | |
| Rúnaí na scoile | |

**Ceist 8 (a)** Cad a bheidh ar siúl ar an séú lá de Bhealtaine?








**Ceist 8 (b)** Cad é an táille iomlán ar an turas?

| | |
|---|---|
| €9 | |
| €10 | |
| €20 | |

**Ceist 9 (a)** Cad a bheidh ar siúl Dé hAoine seo chugainn?







**Ceist 9 (b)** Cé a bheidh ag canadh roimh an oscailt oifigiúil?

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach an Bhoird | |
| Colin Farrell | |
| Cór na scoile | |

**Ceist 10 (a)** Cén t-am a chríochnaigh an dioscó?

| | |
|---|---|
| 9.00 p.m. | |
| Meán oíche | |
| 1.30 a.m. | |

**Ceist 10 (b)** Cén oíche ar tharla an timpiste d'Eibhlín?

| | |
|---|---|
| Dé hAoine | |
| Déardaoin | |
| Dé Sathairn | |

**Ceist 11 (a)** Cad a bheidh ar siúl an tseachtain seo chugainn?

| | |
|---|---|
| Agallamh | |
| Cúrsa spóirt | |
| Scrúdú | |

**Ceist 11 (b)** Cé mhéad folúntas atá sa siopa spóirt?

| | |
|---|---|
| Dhá phost | |
| Trí phost | |
| Post amháin | |

**Ceist 12 (a)** Cé a bhí neirbhíseach?

| | |
|---|---|
| An scrúdaitheoir | |
| Orla | |
| Pilib | |

**Ceist 12 (b)** Cé mhéad uair a rinne Pilib an tástáil tiomána?

| | |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |

Leathanach Bán

**Leathanach Bán**